

Nuachtlitir 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

2010

Iúil 2010

Cúlra

Ainmníodh 2010 mar Bhliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta. Is é an aidhm atá le Bliain an Aontais Eorpaigh an teachtaireacht a chraobhscaoileadh go scriosann an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta saolta agus deiseanna saoil na ndaoine úd a ndéanann siad difear dóibh agus gur bacainní ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch i gcoitinne iad. Aidhm eile atá leis freisin go ndéanfaí tábhacht na comhfhreagrachta ó thaobh laghdú na bochtaineachta de a athdhearbhú i measc na bpáirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear na daoine úd a bhfuil bochtaineacht ag gabháil dóibh. Tugtar aitheantas do na cuspóirí seo i gClár Náisiúnta na hÉireann do Bhliain an Aontais Eorpaigh, agus áirítear leis sin réimse imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá á n-eagrú ar fud na tíre ag ranna Rialtais, agus ag gníomhaireachtaí, údaráis áitiúla, eagraíochtaí saineolacha, comhpháirtithe sóisialta, agus ag eagraíochtaí náisiúnta, áitiúla agus pobail.

Dúirt Pádraig Ó Ciardha, T.D. an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, go dtugann ainmniúchán 2010 mar Bhliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta deis dúinn machnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach, ceacht a fhoghlaim ó chiall cheannaithe agus an bhunchloch a leagan don chineál sochaí is mian linn go léir a bheith againn, ar sochaí í ina n-áiríonn daoine aonair go bhfuil fiúntas leo agus go bhfuil an cumas iontu páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a fheictear mar ghnáthghníomhaíochtaí-sochaí do chách.



An tAire Coimirce Sóisialaí, Éamon Ó Cuív, TD, ag ócáid seolta an Tionscnaimh Chistithe in éineacht le hionadaithe ó na grúpaí a bhfuil gníomhaíochtaí á réachtáil faoin tionscnamh seo acu.
(grianghraf © Robbie Reynolds, Corporate PR Photography)

Bliain an Aontais Eorpaigh

um Chomhrac na Bochtaine

agus an

Eisiaimh Shóisialta

Nuacht agus Imeachtaí

- Sheol an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Clár na hÉireann don bhliain i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 5ú Feabhra 2010.
- D'oscail an tAire Máire Ní Ainiféin, TD comhdháil idirnáisiúnta Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta dar teideal Building Social Europe: from crisis to opportunity [Eoraip Shóisialach ag tabhairt a cúl don ghéarchéim agus ag breith ar an bhfaill] i mBaile Átha Cliath i mí Feabhra. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcomhdháil, tabhair cuairt ar www.eapn.ie
- D'fhógair an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Éamon Ó Cuív, TD, go gcuirí cistiú ar fáil do 43 grúpa, arb ionann é agus breis is €120,000 san iomlán. Cuirtear an cistiú seo ar fáil d'eagraíochtaí pobail agus deonacha a thabharfaidh faoi raon gníomhaíochtaí agus tionscnamh go háitiúil chun feasacht ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta a chur chun cinn agus chun 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta a chomórath ina bpobal féin.
- D'fhógair an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Éamon Ó Cuív, TD, go gcuirí cistiú ar fáil do 43 grúpa, arb ionann é agus breis is €120,000 san iomlán. Cuirtear an cistiú seo ar fáil d'eagraíochtaí pobail agus deonacha a thabharfaidh faoi raon gníomhaíochtaí agus tionscnamh go háitiúil chun feasacht ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta a chur chun cinn agus chun 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta a chomórath ina bpobal féin.
- D'oibrigh an Rannán um Chuimsiú Sóisialta i gcomhpháirtíocht leis na Nuálaithe Sóisialta Óga chun an phróifíl atá ag aidhmeanna agus ag cuspóirí Bhliain an Aontais Eorpaigh a threisiú i scoileanna. Mar chuid den obair sin rinne an Rannán



*An Roinn Gnóthaí Pobail,
Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality
and Gaeltacht Affairs*



Nuachtlitir 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

um Chuimsiú Sóisialta urraíocht ar dhuais a bhronntar i gcomhair Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta ar a nglaoitear Making Our World Poverty Free and More Inclusive [Domhan a Chruthú atá Saor ón mBochtaineacht agus Níos Uilechuimsithí] i gcomhair Thaispeántas Bliantúil na Nuálaithe Sóisialta Óga i mí na Bealtaine, duais a ghnóthaigh Good Counsel College, Ros Mhic Thriúin.

Reáchtáil Pobal seimineár ar an 19ú Bealtaine dar teideal "Scéal Dhá Chathair? Foghlaim conas straitéisí níos éifeachtaí a cheapadh chun dul i ngleic le míbhuntáiste uirbeach" in Ionad Pobail F2 i Rialto, Baile Átha Cliath. Tugadh deis machnaimh agus foghlama do dhaoine le linn an tseimineáir chun straitéisí éifeachtacha a cheapadh chun cur in aghaidh an mhíbhuntáiste uirbigh.

- D'éagraigh Comharchumann na nOibrithe Pobail, an EAPN agus an Chomhghuaillíocht Phobail ceithre sheimineár réigiúnacha i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh thar ceann an Rannáin um Chuimsiú Sóisialta chun an bhliain 2010 a chomóradh. Le linn na seimineár, tugadh deis do dhaoine a bhfuil an bhochtaineacht ag gabháil dóibh agus do pháirtithe leasmhara dul i dteagmháil le lucht déanta beartas agus tosaíochtaí a bhaineann le ceithre théama leathana Chlár na hÉireann a aithint. Moltar seimineár breise a reáchtáil do Réigiún an Iarthuaiscirt i Meán Fómhair 2010.

- Eagraíodh sraith iomlán imeachtaí chun Seachtain Feasachta na Bealtaine um Chuimsiú Sóisialta a cheiliúradh (17ú-21ú Bealtaine), agus ina measc bhí taispeántais ealaíne, mionchorn an Domhain, seisiún eolais do dhaoine scothaosta, oiliúint ar an idirlíon, taispeáint scannáin agus ócáid spleodrach snúcair inar imir scoth na n-imreoirí cáiliúla snúcair agus a chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i láthair.

- Ba é an tÚdarás Comhionannais a chuir "An tSeachtain in aghaidh an Aoiseachais" ar siúl idir an 24ú-30ú Bealtaine, 2010. Ba é an aidhm a bhí leis cur leis an eolas a bhí ag an bpobal ar steiréitíopáil daoine scothaosta agus gníomh praiticiúil a chur chun cinn agus tacú leis ar mhaithe le seirbhísí a chur ar fáil i bpríomhearnálacha a

bheadh 'báuil le daoine scothaosta'.

- Thionóil an Rannán um Chuimsiú Sóisialta agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) seimineár leathlae ar an 1chd Meitheamh san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i mBaile Átha Cliath chun an bhochtaineacht agus an díothacht i gcomhthéacs Eorpach a chíoradh. Is féidir cur i láthair na ndaoine a labhair ag an seimineár a fháil ar www.esri.ie.

- Puball Sorcais Ard-Stiúrthoireacht na Fostaíochta - Is mian leis an Sorcas Fostaíochta Eorpach cabhrú le saoránaigh dul i ngleic leis an ngéarchéim reatha trí pheirspictíochtaí nua fostaíochta a aimsiú agus trí aghaidh a thabhairt ar nithe atá ar aigne gach duine: poist, dífhostaíocht, scileanna agus comhdhiseanna. Tugadh an puball ar camchuairt chuig Ionad Siopadóireachta Dhún Droma, chuig Cearnóg Bharra an Teampaill i mBaile Átha Cliath agus chuig Féile Ealaíon na Gaillimhe.



Tionscadal Bhanna Gaothcheoil Bhaile Munna, faoi stiúir Ron Cooney, ag seinm ag ócáid seolta Bhliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta 2010 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath (Grianghraf @ Maxwell Photography)



**An Roinn Gnóthaí Pobail,
Comhionannais agus Gaeltachta**
*Department of Community, Equality
and Gaeltacht Affairs*



Nuachtlitir 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

Éireoidh go geal le Bliain an AE 2010 ach grúpaí deonacha agus grúpaí áitiúla a bheith páirteach sna himeachtaí a bhaineann leis an mbliain. Ba sa chomhthéacs sin a bunaíodh Tionscnamh Cistithe do Bhliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta (2010) chun cistiú aon uaire a sholáthar ionas go gcuirfí ar chumas grúpaí pobail agus deonacha feasacht

a chur chun cinn faoin mbochtaineacht agus faoin eisiaimh sóisialta agus faoi Bhliain an Aontais Eorpaigh.

Fógraíodh an tionscnamh go fada fairsing san earnáil phobail agus dheonach agus fuarthas líon mór iarratas ina thaobh.

Is liosta atá anseo a leanas de na heagraíochtaí a fuair cistiú faoin tionscnamh.

Grúpa Urraíochta	Summary of Activity
Nasc Tuaithe na hÉireann	Cruinnithe réigiúnacha agus comhdháil náisiúnta 2 lá i gCill Ala ina dhiaidh sin chun an pobal a chur ar an eolas faoi na daoine úd a mhaireann leis an mbochtaineacht faoin tuath agus leis an eisiaimh sóisialta.
AkiDwA	Oibríonn an eagraíocht seo le mná imirceacha ar Bhliain an AE 2010 i Maigh Eo, Muineachán, Port Laoise, Gaillimh d'fhonn forléargas agus cuspóirí Bhliain an AE 2010 um chomhrac na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta a chur ina láthair; eolas ar an mbochtaineacht agus ar an eisiaimh sóisialta a chur ar fáil agus straitéisí a aithint chun an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.
Ionaid Acmhainní Teaghlaigh Mhaigh Eo	Tugann an eagraíocht seo faoi bheart chun anailís a dhéanamh ar chúinsí sóisialta agus leas a bhaint as an eolas sin chun feachtas craolacháin raidió áitiúil a cheapadh agus a stiúradh a chuirfidh an pobal ar an eolas faoi chineál an mhíbhuntáiste agus faoina fhairsinge i Maigh Eo.
Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh Mhaigh Eo	Ceardlann chun ullmhú don Seó Faisin a dhéireoidh aird an phobail ar Bhliain an Aontais Eorpaigh; éadaí as siopaí carthanachta a athdhearadh, lena n-áirítear gné idirchultúrtha.
Raidió Pobail Chonamara	Craoltar clár leathuaire gach seachtain chun aird a dhíriú ar an mbochtaineacht agus ar Bhliain an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an eagraíocht a bheith ag obair ar bhonn áitiúil agus ar bhonn náisiúnta.
Meabhairshláinte Éireann	Cuireann an eagraíocht seo Bliain an Aontais Eorpaigh um chomhrac na bochtaine agus an eisiaimh shóisialta chun cinn trí thaispeántais ealaíne, (ealaín, leabhrán agus filíocht á scríobh ag na daoine úd a bhaineann úsáid as seirbhísí sláinte meabhrach i nGaillimh).



Nuachtlitir 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

Ionad Acmhainní Teaglaigh Clann agus UachtarArts - Grúpa Ealaíon Uachtar Ard	Gearrscannán a léiriú, DVD agus clár raidió a sheoladh le linn sheachtain ealaíon na háite a chothóidh dá théama a bhaineann leis an míbhuntáiste faoin tuath agus seirbhísí do cheantair ina bhfuil daoine scothaosta ina gcónaí.
Ionad Acmhainní Teaglaigh Bhun an Phobail agus an Cheantair Máguaird	Dráma scríofa, curtha ar stáitse agus curtha i láthair ag trí scoil sa cheantar (daltaí 10-14 bliana d’aois), DVD ar an léiriú agus taispeántas grianghraf ó ghlúin go glúin ar an mbochtaineacht.
An Cosán – Tionscadal Oideachais an tSeantí Teo	Seimineár ar cheannasaíocht an phobail a reáchtáil faoin míbhuntáiste uirbeach (Comóradh Deich mBliana an Tionscadail chomh maith) i dTamhlacht Thiar.
ATD Fourth World	Scéalta faoi pháistí, faoin aos óg agus faoi dhaoine fásta atá ina gcónaí i bpobail faoi mhíbhuntáiste a bhreacadh síos, a scríobh agus a dháileadh. Nasc a chur ar bun le líonra Eorpach ATD. Bileoga poiblíochta a dhearadh agus taispeántas dealbhóireacht sreinge a chur ar bun.
near FM	Dhá dhíospóireacht phainéil a reáchtáil ar an raidió faoin mBochtaineacht agus an Teaghlach agus faoi Eisiaimh ón Ionad Oibre. I measc na n-aíonna beidh ionadaithe a bheidh ag caint thar ceann iliomad eagraíochtaí i mBaile Átha Cliath a théann i ngleic leis an mbochtaineacht agus an eisiaimh sóisialta sa tsochaí ó lá go lá chomh maith leis na daoine úd a bhfuil na saincheistanna sin ag gabháil dóibh.
Creat Frithbhochtaineachta Bhaile Munna	Ceithre sheimineár a reáchtáil chun aird an phobail a dhíriú ar an mbliain. Is iad seo téamaí na seimineár: Daoine gan Dídean, Mionlaigh Eitneacha, Bochtaineacht na Leanáí agus Rochtain ar Sheirbhísí.
Cairde	Comhairliúchán leis an bpobal faoi thionchar na bochtaineachta ar shláinte mionlach eitneach i mBaile Brigín agus seimineár comhairliúcháin aon lae ina dhiaidh chun torthaí an chomhairliúcháin a chur i mbéal an phobail.
Tionscadal Forbartha Pobail Choill an Chnocáin Pháirc Mhic Gearailt	Áis feasachta poiblí faoi na nuatheicneolaíochtaí arna táirgeadh ag oiliúnaithe a bhfuil an bhochtaineacht agus an t-eisiaimh sóisialta ag gabháil dóibh féin.
Tionscadal Oideachas Pobail an Bhaile Bhig.	Leabhráin eolais faoin mbochtaineacht le cur le chéile i gcomhar leis an aos óg. Leabhráin do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna. Tiomsóidh an t-aos óg an t-eolas do na leabhráin agus déanfaidh siad an leagan amach orthu.



Nuachtlitir 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

Tionscadal Chill Dara don Óige	DVD agus Póstaeir a tháirgeadh ar an mbochtaineacht agus ar an eisiaimh sóisialta agus ar thionchar na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta ar an aos óg, ar a dteaghlach agus ar a bpobail.
Comhpháirtíocht na bPobal Nua	Ceardlanna oiliúna (fócas ar an bhfostaíocht do ghrúpaí imirceach); Seimineár (deireadh a chur le bacainní ar an gcuimsiú sóisialta agus fócas a chur ar an Lucht Siúil agus ar na pobail nua); peil cúigear an taobh (ilchomórtas idirchultúrtha); taispeántas Grianghraf faoin eisiaimh sóisialta; agus Comhdháil (An tEisiaimh Sóisialta i gCorcaigh) a eagrú.
Cork Music Works	Seisiúin mheantóireachta agus léiriú poiblí a réachtáil a thabharfaidh mic léinn atá faoi mhíchumas intleachta agus mic léinn nach bhfuil faoi mhíchumas intleachta ó dhá scoil le chéile i gcór.
Ionad Chorcaí um Maireachtáil Neamhspleách	Ceardlann dar teideal Disability and the Poverty Trap [Míchumas agus Sáinn na Bochtaineachta] a dhéanfar a thaifeadadh agus a thaispeántar ar an gcaineál teilifíse áitiúil Cork Community Television.
Fóram Tithíochta Sóisialta Chorcaí	Seimineár leathlae a réachtáil ar Dhaoine gan Dídean / Tithíocht a dhíreoidh ach go háirithe ar an mbochtaineacht agus ar an eisiaimh sóisialta. Baineann sé le tithíocht agus daoine gan dídean i gCathair Chorcaí.
Doras Luimní	Duais don Scríbhneoireacht Chruthaitheach Idirchultúrtha ina ndírítear an téama Lánpháirtíú sa Trá Eacnamaíochta ar an aos óg (atá 12 -18 mbliana d'aois).
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann	Taispeántas saothar ealaíne arna dhéanamh ag rannpháirtithe; léiriú damhsa lmeasctha agus lá eolais.
Ionad Acmhainní Teaghlach Iarthar Chontae an Chláir, Ionad Acmhainní Teaghlach an Ospidéal, Ionad Acmhainní Teaghlach Chromadh	Taispeántas Grianghraf & Maidin Eolais (cainteoir le labhairt faoin mbochtaineacht) ar na téamaí seo a leanas: Bochtaineacht na Leanaí; Rochtain ar Obair; Rochtain ar Sheirbhísí; Daoine faoi Míchumas; agus an Míbhuntáiste faoin Tuath.
Grúpa Tacaíochta Ospidéal an Ráithín	Tionscadal ealaíon ó ghlúin go glúin, léiriú scáthphuipéadóireachta agus tionscadal leabhar lámhdhéanta a chuireann Bliain an AE 2010 chun cinn.



Nuachtlitir 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

Fóram Pobail Mhuineacháin	An tSeachtain um Chuimsiú Shóisialta: seachtain ghníomhaíochtaí agus imeachtaí faoin gcuimsiú sóisialta a eagrú agus a chomhordú a bhfuil gníomhaireachtaí pobail, deonacha, reachtúla agus neamhrechtúla páirteach iontu. Beidh cúig cheardlann san áireamh chomh maith ina mbeidh fócas ar an gcuimsiú sóisialta agus ar na téamaí Tallann, Teicneolaíocht agus Caoinfhulaingt.
Glór Mhná Chnoc Maí	Cur le cumas na mban áitiúil a mhaireann leis an mbochtaineacht agus leis an eisiaimh sóisialta chun dul i gceannas ar an eastát tithíochta áitiúil a athbheochan agus an taithí atá acu ar an mbochtaineacht agus ar an eisiaimh sóisialta a roinnt agus taispeántas na healaíne agus na cuilte a eagrú mar aon lena chur i láthair ó bhéal in Áras an Chontae nó san Ionad Ealaíon áitiúil.
Tionscadal Forbartha Chiarraí don Lucht Siúil	Oiliúint ar an gcomhionannas agus ar an gcuimsiú a réachtáil mar aon le himeacht cultúrtha.
Tionscadal Forbartha Pobail Mhná Iardheisceart Chiarraí	Ceithre cheardlann a réachtáil ar mhaithe le daoine a mhaireann leis an mbochtaineacht agus leis an eisiaimh sóisialta chun a n-acmhainn féin a fhorbairt .i. Daoine faoi Mhíchumas, Daoine Scothaosta, Tuismitheoirí Aonair, Leanaí, chun a chur ar a gcumas aird a tharraingt ar a gcuid saincheisteanna. Seimineár a réachtáil agus aiseolas a fháil ó na ceithre cheardlann.
Feachtas Ealaíon Teoranta	Tionscadal scannánaíocht for-rochtana ina ndéileáiltear le téama an eisiaimh shóisialta a dhéanamh le daoine fásta atá faoi mhíchumas intleachta a fhreastalaíonn ar Cheardlann Pobail Chontae Loch Garman.
Gníomh Dhurlais don Fhorbairt Pobail	Dealbha a dhearadh agus a chrochadh (naoi bplaic bhalla, aon phlaic mhór amháin) ina dtabharfar léargas ar théamaí na bliana. Léireoidh gach plaic ceann amháin de na naoi dtéama shainiúla atá sa Chlár Náisiúnta.
Fóram Pobail Chontae Shligigh	Seimineár a réachtáil faoi 'Tionchar na Bochtaineachta in Éirinn atá ag Athrú'.
Coiste Cúram Leanaí Contae an Longfoirt	Seimineár aon lae a réachtáil mar aon le ceardlanna do thuismitheoirí agus do sholáthraithe cúram leanaí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu de dheasca na bochtaineachta.
Fondúireacht Apple Tree	Dráma/cur i láthair amharcealaíon a chur i dtoll a chéile leis an aos óg ó cheantair faoi mhíbhuntáiste i nDún Dealgan
Tionscadal Forbartha Pobail na hUaimhe	Tá an tionscadal seo ag oibriú le Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt na Mí chun clár sé mhí a réachtáil (Foghlaim Ghníomhach) atá dírithe go sonrach orthu siúd a bhfuil an t-eisiaimh sóisialta agus an bhochtaineacht ag gabháil dóibh.



Nuachtlitir 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

Líonra Mhná Bhaile Átha Luain	Seimineár eolais a reáchtáil chun deiseanna a chur ar fáil do mhná atá faoi mhíbhuntáiste sa cheantar áitiúil chomh maith le hoiliúint i Raidió Pobail a fheabhsóidh scileanna na mban atá faoi mhíbhuntáiste.
Ionad The Good Shepherd	Seó bóthair taistil a cheapadh agus a chur amach chuig scoileanna áitiúla agus chuig an ngnáthphobal i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh a dhíreoidh aird an phobail ar na cúiseanna atá le Daoine a bheith gan Dídean agus ar a gcuid riachtanas.
Líonra Chontae Chill Mhantáin do Dhaoine Scothaosta	Féile Spóirt do Dhaoine Scothaosta a eagrú agus a reáchtáil sa chéad seachtain de Bhealtaine 2010. Is é an aidhm atá leis an bhféile go gcuirfí spóirt agus gníomhaíocht choirp chun cinn i measc daoine scothaosta – go háirithe ina measc siúd atá i mbaol a bheith fágtha leo féin agus a bheith eisiata i dtéarmaí sóisialta.
Tionscadal Forbartha Pobail Líonra Mhná Ros Comáin	Saothar ealaíne a dhéanamh a bheidh ina shiombail agus a léireoidh a gcuid torthaí agus comhdháil agus feachtas sna meáin chumarsáide a phleanáil go háitiúil a dhíreoidh aird an phobail ar na saincheisteanna agus ar na moltaí atá acu.
Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann	Dráma camchuarite a dhéileálann le saincheisteanna faoi thaithí phearsanta daoine atá faoi mhíchumas, a bhfuil baill den Ghrúpa Teiripe Drámaíochta i gCumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann páirteach ann in éineacht le haisteoirí ó cheantar an Chabháin.
Ionad Seirbhísí Pobail San Cairtriona	Oibriú le hIonad VISUAL don Ealaín Chomhaimseartha agus le hAmharclann George Bernard Shaw chun leabhar idirghníomhach a tháirgeadh ar an mbochtaineacht a bhíonn ag gabháil do bhaill an Ionaid.
Tionscadal Forbartha Pobail Ros Inbhir	Cúrsa ealaíne deich seachtaine a chur ar fáil do dhaoine scothaosta faoin eisiáimh sóisialta agus faoin míbhuntáiste a bhíonn ag gabháil dóibh faoin tuath agus an saothar seo a chur ar taispeáint.
Ionad Pobail agus Óige Mhuire	Clár idirghabhála sé mhí a chur ar fáil i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí chun deis a thabhairt do pháistí a mhaireann leis an mbochtaineacht páirt a ghlacadh i spóirt agus barr feabhais a bhaint amach iontu.
An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA)	Feachtas náisiúnta a sheoladh chun eagraíochtaí atá ag déileáil leis an bpobal a spreagadh ionas go bhforbróidh siad cleachtais a sháróidh bacainní litearthachta ar rochtain eolais - i seirbhísí poiblí, san ionad oibre agus sa phobal.



Nuachtlitir 2010 Bliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta

Féilire Imeachtaí don Todhchaí

- Seimineár ar an gComhionannas agus ar an gCuimsiú Sóisialta, ina mbeidh fócas ar an imirce, arna eagrú ag an Údarás Comhionannais - 27 Meán Fómhair.
- Seimineár Réigiúnach molta i Réigiún an Iarthuaiscirt atá le tarlú i Meán Fómhair.
- Seimineár ar shaincheisteanna a bhaineann leis an Lucht Siúil, arna éascú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.
- Seachtain Feasachta Dheireadh Fómhair ar an gCuimsiú Sóisialta, 17-22 Deireadh Fómhair.
- Comhdháil Trasteorann ar an Míbhuntáiste Sóisialta faoin Tuath arna eagrú ag Pobal le tacaíocht ón Rannán um Chuimsiú Sóisialta – 21 Deireadh Fómhair 2010.
- An Fóram um Chuimsiú Sóisialta – Imeacht deiridh de Bhliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta 2010 atá le tarlú sa Láraonad Tionóil ar an 17 Samhain i mbliana.

Déan Teagmháil Linn:

Más maith leat aon eolas breise faoi Bhliain an Aontais Eorpaigh um Chomhrac na Bochtaine agus an Eisiaimh Shóisialta, ná bíodh drogall ort dul i dteagmháil linn ar 01 – 6473250

Tá suíomh Gréasáin againn chomh maith ina bhfuil eolas le fáil faoi imeachtaí atá á gcur ar siúl i rith an ama mar chuid den bhliain agus is féidir teacht orthu sin ag <http://www.welfare.ie/EN/eu2010/Pages/eu2010.aspx>.

An Rannán um Chuimsiú Sóisialta
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
Dún Aimbhorgin,
43/49 Bóthar Mespil,
Baile Átha Cliath 4.
01 6473250



*An Roinn Gnóthaí Pobail,
Comhionannais agus Gaeltachta
Department of Community, Equality
and Gaeltacht Affairs*

